

A Íosa Críosa créad an toil: aoir ar fhile



Sophie Ní Riain

Celtica 36 (2024), 224–236

DOI: 10.58480/SCS-sb5nh-zhe7z

DIAS

Institiúid Ard-Léinn | Dublin Institute for
Bhaile Átha Cliath | Advanced Studies



© School of Celtic Studies, Dublin Institute for Advanced Studies.

This work is licensed under CC BY-NC 4.0. To view a copy of this license, visit <https://creativecommons.org/licenses/by-nc/4.0/>

A ÍOSA CRÍOSD CRÉAD AN TOIL: AOIR AR FHILE¹

ABSTRACT

This article presents an edition, translation and analysis of the poem *A Íosa Críosd créad an toil* (6 qq.), a previously unedited satire attributed to Donnchadh Mór Ó Dálaigh. The author criticises another poet for his lack of poetic ability. Throughout the poem, reference is made to multiple trades and crafts. A discussion of the themes and literary context of this satire is also presented below.

RÉAMHRÁ

SAN ALT SEO CUIRTEAR EAGRÁN ar fáil den dán *A Íosa Críosd créad an toil* (6 rr.), aoir a leagtar ar Dhonnchadh Mór Ó Dálaigh agus nár cuireadh eagar go fóill air. Is cosúil gur file eile atá á cháineadh ag údar an dáin seo toisc nach bhfuil an cumas céanna ag an mbeirt. I gcaitheamh an dáin, tráchtann an file ar ghairmeacha beatha éagsúla a raibh stádas difriúil ag roinnt leo i sochaí na linne. Soláthraíonn an dán eolas luachmhar ar na slite beatha seo.

FILE

Leagtar an dán seo ar Dhonnchadh Mór Ó Dálaigh sa cheannscríbhinn sna lámhscríbhinní. Bhí beirt fhilí den ainm seo ann, duine acu a mhair sa dara nó sa tríú haois déag, an fear eile sa cheathrú nó sa chúigiú haois déag. Rugadh an chéad duine acu, Donnchadh Mór Ó Dálaigh, i gContae na Mí c. 1175 agus é ina bhall de cheann de na teaghlaigh filíochta ba mhó le rá sa ré.² Níl mórán ar eolas againn maidir leis an bhfear eile ach amháin gur cailleadh mac leis sa bhliain 1404, sonra a chabhraíonn linn dáta a chur lena shaolré.³ Cé go bhfuil cáil ar Dhonnchadh Mór Ó Dálaigh mar gheall ar a chuid dánta cráifeacha thar aon seánra eile, aoir atá sa dán seo (más é a chum), rud a fhágann gur dán ar leith atá ann.

Agus an dán *A Íosa Críosd créad an toil* faoi chaibidil, is fiú a chur san áireamh go leagtar go leor dánta ar Dhonnchadh Mór Ó Dálaigh i lámhscríbhinní éagsúla ach nach eisean a chum na dánta sin ar fad ('More than 160 such

¹Tiomnaíom an t-alt seo i gcuimhne ar m'athair, Richard Ryan (1966–2024).

Táim an-bhuíoch den Ollamh Gordon Ó Riain a mhol dom an dán áirithe seo a chur in eagar, as dréacht den alt a léamh agus as a chuid moltaí a roinnt liom. Gabhaim buíochas freisin le heagarthóirí *Celtica* agus leis an léitheoir a cheap siad as a gcuid moltaí faoin alt seo.

²Breen (2009).

³Ibid.

religious poems ... attributed to him, some quite dubiously').⁴ Is fiú an cheist a chur, áfach, faoin bhfáth a leagfaí aoir (seachas dán cráifeach) ar Dhonnchadh Mór murab eisean a chum. Tharlódh, mar sin féin, go bhfuil an dán leagtha air go hearráideach. B'fhéidir go bhfaca an scríobhaí na focail *A Íosa Críosa* i dtús an dáin agus gur ghlac sé leis, dá réir, gur dán cráifeach a bhí ann agus gurbh é sin a thug air an dán a leagan ar Ó Dálaigh. Mar sin, ní féidir a bheith iomlán cinnte gurb é Donnchadh Mór Ó Dálaigh a chum an dán áirithe seo.⁵

MIONANAILÍS AR AN DÁN

Sa dán *A Íosa Críosa créad an toil*, aorann an file fear darbh ainm Eoghan.⁶ Tuigtear dúinn gur file ar bheagán stádais é Eoghan agus go bhfuil sé á cháineadh ag an údar toisc nach bhfuil an cumas céanna ann is atá i bhfile an dáin. Insíonn an file go mbíonn Eoghan á leanúint agus é ag dul ó theach go teach (ar cuairt *ollaimh* is dócha): 'gē taoi im dhiaidh ō thigh go toigh' (r. 6c). Go hiondúil, bhíodh grád fileata níos ísle ag na filí a bhí mar chuid den lucht leanúna seo ná mar a bhí ag an *ollamh*, gné a thugann le fios gur dócha go raibh stádas níos airde ag file an dáin ná mar a bhí ag Eoghan.

Cuirtear tús leis an dán agus an file á cheistiú conas mar a fuair Eoghan onóir nuair nach bhfuil sin tuillte aige, dar leis:

A Íosa Críosa créad an toil
fā bhfuais onóir a Eóghain? (r. 1)⁷

Lena chois sin, liostaíonn an t-údar roinnt gairmeacha, cuid acu a bhí lárnach i sochaí na linne, roinnt eile a raibh níos lú tábhachta leo sa tsochaí sin. Is cur chuige éifeachtach é seo chun aird a dhíriú ar easpa cumais Eoghain agus cruthaítear codarsnacht idir na ceirdeanna éagsúla (a raibh leibhéil dhifriúla stádais ag roinnt leo sa tsochaí). Is cinnte go bhfuil masla i gceist agus an tuairim ag an bhfile go bhfuil an duine seo gan mhaith agus nach féidir leis feidhmiú ná cur leis an tsochaí ar bhealach ar bith.⁸

⁴Breen (2009).

⁵Féach, áfach, sampla eile de dhán ócáideach (ar an dreoilín) a chum an Dálach in Ó Cuív (1977). Maidir le foirm an dáin (*ógláchas* i rr. 1–5; féach an plé thíos lgh 230–1) is fiú tabhairt faoi deara, mar shampla, go bhfuil, i measc na ndánta atá leagtha ar Mhuireadhach Albanach Ó Dálaigh (deartháir le Donnchadh Mór), dán amháin *ógláchais* dar tús *Aonar dhuil a Bhriain Bhanbha* (eag. Goedheer 1938: 45–55).

⁶Tá 'file' in úsáid san alt seo de cheal eolais bhreise sa dán ar an stádas ar leith atá ag Eoghan. Tharlódh go raibh sé ina bhard chomh maith céanna.

⁷Tá deacracht ag baint leis an líne seo agus tá rogha eile luaite agam sna nótaí .i. nach bhfuil an file ag caint le hEoghan ach go bhfuil sé ag caint faoi onóir Eoghain (an stádas a bhí ag Eoghan mar bhall den aos dána). De réir an léimh seo, is cosúil gur tháinig file eile in áit Eoghain ach nach bhfuil an cumas céanna sa bhfile is a bhí sa bhfear ar tháinig sé i gcomharbacht air agus gurb é sin cúis an cháinte.

⁸Féach samplaí eile den chineál seo aortha .i. cáineadh ar cheird an duine: *Sona do cheird, a Chalbhaigh* (Greene 1968: 51–5); *Clann Meic an Bhaird* (TD uimh. 43).

Na Ceirdeanna

Déanann an file tagairt do sheacht bpost is fiche sa dán tríd síos agus is féidir iad a rangú go ginearálta mar seo a leanas:

- a) Uaisle agus lucht léinn
ughdar (1*d*), ollamh (1*d*), breitheamh (3*c*), brughaidh (5*a*), sgríbhneóir (5*d*), léaghthóir (5*d*), liaigh (6*d*), seanchaidh (6*d*)
- b) Lucht na hEaglaise
cléireach⁹ (3*d*), duine diadha déarcach (4*a*)
- c) Ceardaithe agus saothraithe
gabha¹⁰ (1*c*), fear tógbhála toighe (2*a*), fear crú do chur (2*c*), fear breactha bróg (3*a*), fear déanta deagh-lámhann (3*b*), áirgheach (4*c*), fear faire (4*c*), oireamh (4*d*), aodhaire (4*d*)
- d) Lucht troda
áirseoir (2*b*), fear eich (2*d*), ceithearnach (3*d*)
- e) Siamsóirí
oirfideach uirsgéalach (4*b*), píobaire (5*b*), tiompánach (5*c*), cleasaighe cóir colla (6*a*)
- f) Searbhónta
cócaire (6*b*).

Cuireann an file in iúl go bhfuil go leor ceirdeanna ardstádais sa tsochaí nach bhfuil sé de chumas ag Eoghan iad a chur i gcrích (m. sh. ‘ceard’; ‘ughdar’; ‘ollamh’; ‘breitheamh’; ‘cléireach’; ‘sgríbhneóir’; ‘liaigh’; ‘seanchaidh’, rr. 1*c*; 1*d*; 3*c*; 3*d*; 5*d*). Thairis sin, déanann an file tagairt do phoist agus do cheirdeanna ar stádas níos ísle (catagóirí c, f thuas) mar aon le roinnt ceirdeanna siamsaíochta eile¹¹ agus lucht troda¹² (e agus d thuas), chun a thabhairt le tuiscint go raibh an duine seo gan mhaith ar bith sa tsochaí. Leagann na ceirdeanna seo ar fad atá luaite béim ar easpa cumais Eoghain agus ar an gcaoi nach bhfuil ‘onóir’ tuillte aige.

Mar aon leis na ceirdeanna, tá tagairtí don fhlaithiúlacht, nó don easpa flaithiúlachta go deimhin, thall is abhus sa dán (‘ní duine diadha déarcach’, r. 4*a*; ‘Ní brughaidh lē mbeathaoi geall’, r. 5*a*;¹³ ‘ní cócaire comhronna’, r. 6*b*). Tá le tuiscint ón méid seo nach raibh Eoghan chun cáil a bhaint amach mar

⁹Brí eile ag an bhfocal ná ‘scoláire’, féach *DIL* s.v. *cléirech*.

¹⁰Ceardaí a bhí sa *ghabha* ach, mar a léiríonn Kelly, bhí stádas réasúnta ard aige (1988: 62).

¹¹Féach sampla d’aoir eile ar shiamsóir (cláirseoir): *Ní chluinim sin a chláirseach* in Ní Mhurchú (2017).

¹²Féach plé ag Simms (1990) ar íomhánna agus móitífeanna cogaidh i bhFilíocht na Scol.

¹³Tá trácht déanta ag Kelly ar an *briugu* agus é ag tabhairt le fios go raibh sé de dhualgas ar an té seo flaithiúlacht a thaispeáint do gach uile dhuine, ‘this obligation is said to be limitless’ (1988: 36).

gheall ar a bheith fial ach an oiread. Téama mór le rá i bhfilíocht na scol é moladh na féile a chastar bunoscionn anseo.¹⁴

Débhriochas agus teachtaireacht an dáin

Tá go leor focal sa dán seo a bhfuil níos mó ná brí amháin leo; an dara ceann ag baint leis an bhfilíocht. Is ciúta é seo atá oiriúnach chun aird a tharraingt ar bhunghairm an té atá á cháineadh. An focal is suntasaí sa dán trí chéile ná ‘ceard’ (r. 1c), focal a cheanglaíonn an dán ar fad le chéile, dar liom. Cé go bhfuil an bhrí ‘ceardaí’ leis, ciallaíonn sé ‘file’ freisin (féach *DIL* s.v. *cerd*). Mar sin, is amhlaidh atá údar an dáin ag tabhairt le fios nach bhfuil sé de chumas ag Eoghan go leor post a dhéanamh agus, níos tábhachtaí fós, nach raibh cumas ann mar fhile. Feictear an débhríochas ag teacht chun cinn arís sna focail seo a leanas:

- i. *onóir* (1. ‘honour’; 2. ‘the ‘indulgence’ the generality of poets expected to be shown as of right by society’);¹⁵
- ii. *ollamh* (1. máistir ar ardchaighdeán i gceird ar bith;¹⁶ 2. file ardcháilithe (*ollamh fileadh*));
- iii. *breitheamh* (1. ‘breitheamh dlí’; 2. *breitheamh sgol* ‘file a raibh sé mar dhualgas air obair an dalta a iniúchadh agus a mheas’);¹⁷
- iv. *léaghthóir* (1. ‘reader’; 2. fear léinn).¹⁸

Sa chomhthéacs sin is díol mór spéise é go gcáineann an file an cumas atá in Eoghan mar fhile ach gur scríobh sé an dán seo san *ógláchas* don chuid is mó, foirm níos scaoilte agus níos éasca ná an *dán díreach*. Feictear sa rann deireanach, áfach, go mbaineann an t-údar úsáid as an *dán díreach*. D’fhéadfaí a áiteamh go ndearna sé seo chun a chumas mar fhile a léiriú i gcodarsnacht leis an té atá á aoradh aige sa dán agus go bhfuil an rann deiridh mar a bheadh buaicphointe sa cháineadh atá á dhéanamh aige ar Eoghan dá réir.¹⁹

Tá an dán éifeachtach mar léiriú ar thuairim an fhile go bhfuil Eoghan gan mhaith ar fad. Cruthaíonn an file fómhá de dhuine éagumasach ar easpa flaithiúlachta, gan oideachas, nach bhfuil tábhachtach sa tsochaí. Thar aon ní eile, tá an file ag cáineadh chumas fileata Eoghain agus é ag taispeáint nach bhfuil an stádas céanna acu.

¹⁴Breatnach (1997: 101). D’fhéadfaí a áiteamh, freisin, go bhfuil an fhlaithiúlacht á ceangal le file anseo toisc go raibh áit lárnach ag an bhflaithiúlacht sa tsochaí agus go raibh cuid de na filí i mbun tithe afochta (Mac Cana 1974: 132). Féach aoir eile ar théama na heaspa flaithiúlachta: *Fuaras féin im maith o mhnaoi* (TD uimh. 37).

¹⁵Breatnach (1983: 39).

¹⁶Kelly (1988: 52).

¹⁷Simms (2007: 130–1).

¹⁸Cf. *DIL* s.v. *léghthóir*, *léghthóracht*.

¹⁹Féach an plé ar mheadaracht an dáin thíos.

COMHTHÉACS LITEARTHA AN DÁIN

Is fiú go mór aird a thabhairt ar théacsanna eile atá cosúil leis an aoir bheag seo, ní hamháin ó thaobh cur chuige de (liostaí ceirdeanna a chur san áireamh sa dán), ach maidir le hábhar an dáin chomh maith (stádas agus ceirdeanna). Ach trácht a dhéanamh ar chúpla téacs eile ó thréimsí éagsúla, is féidir comhthéacs ar leith a thabhairt don liosta agus do théamaí na haoire seo.

Is iad seo a leanas na téacsanna atá i gceist: (i) *Cath Maige Tuired* (scéal miotaseolaíochta Luath-Ghaeilge);²⁰ (ii) *Suidigud Tige Midchuarta* (cur síos Luath-Ghaeilge ar halla an fhéasta i dTeamhair);²¹ (iii) *A fhir, ná híad dreich Temrach* (dán mar gheall ar Lug agus na ceirdeanna atá aige: dara – ceathrú haois déag);²² (iv) *Uchán a sgieth mo ríogh réil* (laoi fiannaíochta: 12ú haois ?);²³ (v) *Ní file, ní seanchaidh saor* (rann aoire: gan dáta).²⁴

I staidéar atá déanta ag Liam Breatnach ar théacs (iii) thuas, léiríonn sé gur féidir ceangailt a aithint idir téacsanna (i), (ii) agus an dán atá faoi chaibidil aige (2023: 151).²⁵ Téacsanna iad seo a dhéanann plé ar stádas sa tsochaí nó ar cheirdeanna éagsúla (i bhfoirm liosta). Tá gné shonrach eile i gcoitinne ag cuid de na téacsanna seo (i, iii thuas; féach plé ar iv thíos), mar atá an phearsa Lug atá ag iarraidh cead isteach a fháil go Teamhair is é ag maíomh as an iliomad ceirdeanna atá aige. Mar shampla de na liostaí a chuireann Lug i láthair, is fiú féachaint ar r. 2 den dán *A fhir, ná híad dreich Temrach* ó eagrán Bhreatnaigh:

Aichnid dam tréidhi fileadh,
dā ndamat ina ndlignedh:
imas ar osnaidh, gan on,
teilm leagda 7 dīcedul.

‘I am familiar with the characteristics of learned poets, amongst all that they concede as being their duties: using poetic craft to remedy grievance, a statement without fault, a stony sling, and chanting.’

Is díol mór spéise é Lug agus Eoghan (an dán seo againne) a chur i gcomparáid lena chéile; sa rann thuas tá Lug ag tabhairt le fios go bhfuil na tréithe atá ag teastáil ag file aige féin. Go minic tugtar an t-ainm *Samildánach* nó *Ioldánach* air sa chiall ‘skilled in many arts together’.²⁶ Mar chodarsnacht, is léir ón bplé atá déanta go dtí seo gurb é a mhalairt atá i gceist sa chur síos maslach atá déanta ar Eoghan san aoir *A Íosa Críosd créad an toil*.

Mar léiriú ar a chosúla is atá cuid de na téacsanna eile thuas leis an aoir atá in eagar anseo, is fiú súil ar leith a chaitheamh ar théacs iv agus v thuas.

²⁰Eag. Gray (1982) agus leagan na Nua-Ghaeilge Moiche in eagar ag Ó Cuív (1945).

²¹Downey (2010: 8); eag. O’Donovan (1839).

²²Eag. Breatnach (2023).

²³Eag. Mac Neill (1908).

²⁴Féach rann uimh. 157 in *Dánfhocail* (O’Rahilly 1921: 31).

²⁵Luann Breatnach go bhfuil cosúlachtaí idir *A fhir, ná híad dreich Temrach* agus apalóg le Gofraidh Fionn Ó Dálaigh sa dán dar tús *Mór ar bfearg riot, a rí Saxon* (IBP uimh. 17; scéal atá bunaithe ar *Chath Maige Tuired* a bhaineann le Lug ag iarraidh cead isteach a fháil go Teamhair). Mar sin féin, ní bhaintear úsáid as liostaí mar ghléas stíle sa dán áirithe seo.

²⁶Breatnach (2023: 151).

(iv) *Uchán a sgíeth mo ríogh réil*²⁷

Sna rann seo (rr. 4, 5), tá Oisín ag labhairt agus é ag léiriú go raibh Fionn níos fearr ná duine ar bith eile agus gur shaoi ilcheardach a bhí ann.

Ba filidh ba fer dána,
ba cath-mhílidh comhdhála,
ní frith a samhla um rathaibh,
ba láoch calma i gcrúadhchathaibh.

Ba sáor ba cerdghobha glan
ba brethemh ághmhar úrlam
mairg do bhaoi ar chionn a fheirge
bá saoi gacha saoir-cheirde.²⁸

‘He was a poet, a man of science, / a battler-hero of assemblies: / none was found like him for gifts: / he was a brave warrior in stern battles. // He was a craftsman, an excellent metal-wright, / a happy ready judge: / woe to him that met him in anger: / he was a master in every free craft.’²⁹

Is fiú a lua, freisin, go bhfuil trácht ar Lug sa dán seo i rr. 10, 11 agus Oisín ag labhairt faoi stair na scéithe agus na daoine a raibh sí ina seilbh acu, gné a léiríonn ceangal eile ag na téacsanna seo le Lug.

(v) *Ní file, ní seanchaidh saor*

Rann aonair i roinnt lámhscríbhinní is é i gcló ag T. F. O’Rahilly sa chnuasach *Dánfhocail ó ARÉ 23 B 38*.³⁰

Ní file, ní seanchaidh saor,
ní liaigh, ní breitheamh bláthchaomh,
ní hughdar léir-cheart learg,
muna cléircheas an chéid-cheard.³¹

‘Not a poet, not a noble historian, / not a physician, not a prosperous pleasant judge, / not a very just author of fields of learning; / if scholarship is not the main work.’ (liomsa an t-aistriúchán).

Léiríonn an plé seo nach é amháin go bhfuil sraith téacsanna againn a bhfuil an cur chuige céanna in úsáid iontu,³² cuid acu gar dá chéile ó thaobh dáta de,

²⁷Dán uimh. 16 *Duanaire Finn* (MacNeill 1908: 34).

²⁸MacNeill (1908: 34) 5c cf. Murphy 1953: 35.

²⁹Ibid (1908: 135).

³⁰O’Rahilly (1921: 81). Tá cóipeanna eile den rann seo in ARÉ 4 A 26 agus 24 P 20, mar shamplaí. Cf. *Catalogue of Irish Manuscripts in the Royal Irish Academy*. Fasc. 28, 3670; Fasc. 24, 2984.

³¹Cf. nóta an Rathiligh ar an bhfocal *learg* ‘a slope/expanse; hence figuratively “fields of learning (?)”’ (1921: 108).

³²Tá difríochtaí beaga sa chur chuige i gcuid de na téacsanna. Mar shampla, in (iii) thuas déantar plé ar cheird amháin i ngach véarsa agus ansin cuirtear síos ar an gceird trí úsáid a bhaint as tréanna (féach sampla thuas). Is faoi thionchar an téacs dlí *Bretha Nemed Toísech* a baineadh úsáid as na tréanna in téacs (iii), dar le Breatnach (2023: 158).

ach go bhfuil baint acu leis an gcinéal céanna seánra .i. daoine le ceirdeanna/ gairmeacha éagsúla ar stádas ard agus íseal. Tá ceithre/cúig cheird i gcoiteann ag cuid de na téacsanna.³³ Mar sin féin, ní hamháin go bhfuil gaol láidir ag téacsanna (iii, iv, v thuas) leis an aoir *A Íosa Críosa créad an toil*, ach tá siad ceangailte lena chéile ó thaobh na gceirdeanna a luaitear iontu chomh maith.

Is léir go bhfuil feidhm dhifriúil leis na téacsanna (aoir san eagrán seo, mar shampla, agus cuid de na téacsanna eile ag plé le Lug) agus go bhfuil idir mholadh (iv) agus cháineadh (v) i gceist iontu freisin, ach, mar sin féin, is dóigh liom gur féidir an aoir bheag seo a cheangailt le téacsanna ó réanna éagsúla, cuid acu i bhfad níos luaithe.

LÁMHSCRÍBHINNÍ AGUS EAGRÁN

Ní mhaireann an dán seo ach in dhá lámhscríbhinn, an péire acu san Acadamh Ríoga: ARÉ uimh. 6 (23 I 40), 33 (*I* as seo amach), c. 1700, agus ARÉ uimh. 803 (3 A 17) (*A* as seo amach) ón naoú haois déag.³⁴ Bailiúchán d'Fhilíocht na Scol atá in *I* ach ní luaitear ainm an scríobhaí nó an áit ar scríobhadh í. Bhí an tuairim ag an Rathileach gur scríobhadh an lámhscríbhinn i lár tíre mar gheall ar chúrsaí litrithe, áfach.³⁵ Maidir le *A*, ábhar ilchineálach atá inti. Níl ainm luaite leis an lámhscríbhinn ach Seosamh Ó Longáin a scríobh, de réir cosúlachta.³⁶ Tugann an scríobhaí le fios (i nóta ag barr an leathanaigh) gur choipeáil sé an téacs ón bhfoinse *I*; mar sin cóip spleách is ea é, gan luach neamhspleách ag baint léi dá réir.³⁷

Ó thaobh na heagarthóireachta de, tá normalú déanta ar litríú na lámhscríbhinne agus cloítear leis na gnáthghnásanna eagarthóireachta:³⁸ tá noda scaoilte sa chló iodálach; tá *e*-ard scaoilte mar *ea* sa chló iodálach; *tt*- > *dt*- (ag tús focal); *a* > *i* (an réamhfocal); i gcás athruithe eile, tá léamha na lámhscríbhinne ag bun an leathanaigh.

Tá leasuithe déanta i rr. 2*b*, 4*ab*, 6*cd* chun deacrachtaí téacsúla a réiteach (féach plé sna nótaí). Toisc nach féidir a bheith lánchinnte de go bhfuil dúnadh slán sa dán, b'fhéidir nach bhfuil an dán iomlán againn sa lámhscríbhinn (féach tuilleadh plé sna nótaí).

Is é meadaracht an dáin ná *deibhidhe. Ógláchas* atá i gceist i rr. 1–5 ach tá r. 6 scríofa sa *dán díreach*.³⁹ Tá comhardadh deiridh (*rinn*) slán tríd an dán, ach amháin i r. 4*ab* (áit a bhfuil an comhardadh briste). Níl comhardadh inmheánach

³³Is iad na ceirdeanna atá i gcoiteann ag na téacsanna ná: *tiompánach*, *gaba*, *ceard*, *liaig*, *brugaid* (téacs iii); *filidh* (= *ollamh*), *sáor* (= *ceard*), (*cerd*)*ghobha*, *brethemh* (téacs iv); *file*, *seanchaidh*, *liaigh*, *breitheamh*, *ughdar* (téacs v).

³⁴Cf. *Catalogue of Irish Manuscripts in the Royal Irish Academy*. Fasc. 1, 40; Fasc. 20, 2519.

³⁵*Ibid.*, Fasc. 1, 38.

³⁶*Ibid.*, Fasc. 20, 2519.

³⁷Níl de dhifríochtaí suntasacha idir na lámhscríbhinní ach: 1*a* *chriost A* : *críosa I*; 1*d* *ughdar A* : *úghdar I*; 2*a* *tighe A* : *toighe I*.

³⁸Cf. *TD I* lgh xciv–xcviii.

³⁹Dá réir sin, ní thagaim leis an tuairim in *ABM* (2010: 17) a thugann le fios gur *dán díreach* gan chomhardadh inmheánach atá sa dán toisc go bhfuil comhardadh briste i r. 4*ab* agus toisc gur gné de chuid aistí *ógláchais* é comhardadh inmheánach a bheith in easnamh. Féach a thuilleadh plé ar úsáid an dána dhifrígh thuas.

le fáil ach i rr. 2 (caoiche) agus 6 (comhardadh slán). Tá uaim i ngach líne agus tá na focail aiceanta deiridh agus leathdheiridh ag déanamh uama lena chéile i línte *d*, gné nach bhfuil riachtanach in *ógláchas*.

Cé nach féidir dáta beacht a chur ar *A Íosa Críosd créad an toil*, de bharr na héiginnteachta faoin údar, is féidir a rá mar sin féin ag brath ar theanga an téacs, gur cumadh an aoir idir an dara agus an seachtú haois déag.⁴⁰

AN DÁN

Donnchadh Mór Ó Dálaigh

1. A Íosa Críosd crēad an toil
fā bhfuairais onóir a Eóghain?
Ní ceard thú, nī gabha glan,
nī hughdar is nī hollamh.
2. Ní fear tōgbhāla toighe,
ní háirseóir eadh mórghoile,
ní fear crū do chur go cóir,
nī fear eich i dtráth tionóil.
3. Ní fear breactha brōg sállom,
nī fear déanta deagh-lāmhan,
ní breitheamh lē mbearthaoi breath,
nī ceithearnach, nī cléireach.

AISTRIÚCHÁN

1. Jesus Christ, by what will did you get honour, Eoghan? You are not a craftsman, not a pure smith, not an author and not a master (*ollamh*).
2. Not a man who builds houses, not an archer during great battle, not a man who fastens horseshoes properly, not a horse rider at time of assembly.
3. Not a man who decorates bare-heeled shoes, not a man who makes good gloves, not a judge who would give judgement, not a kerne, not a cleric.

MALAIRTÍ

2 b feadh I

⁴⁰Tagraíonn Simms don dán áirithe seo (2004 :155) agus luann sí gur dócha gur cumadh sa 17ú haois é. Ní thugann sí aon fhianaise lena tuairim, áfach.

4. Ní duine diadha déarcach,
ní hoirfideach uirsgéalach,
ní háirgheach, ní fear faire,
ní hoireamh, ní haodhaire.
5. Ní brughaidh lē mbearthaoi geall,
ní píobaire port gcoimhtheann,
ní tiompánach tighe móir,
ní sgríbhneóir luath, ní léaghthóir.
6. Ní cleasaighe cōir colla,
ní cócaire comhronna,
gē taoi im dhiaidh ō thigh do thoigh,
ní liaigh sibh [i]s ní seanchaidh.

A//W/

4. Not a divine charitable person, not a performer of famous stories, not a herdsman, not a watchman, not a ploughman, not a shepherd.

5. Not a hospitaller who would achieve supremacy, not a piper of strong tunes, not a tiompán-player of a large house, not a quick scribe, not a reader.

6. Not a proper contortionist, not a cook who would share his food. Although you follow me from house to house, you are not a physician and not a historian.

4 *a fear I, deirceach I, b ní uirsgéulach I, d ní haodhaire* (scriosta le poncanna faoi) hoireamh ní haodhaire *I*

6 *c do] go I, d s I*

NÓTAÍ

1a. *A Íosa Críosa*: Ainm Íosa á úsáid le teann frustrachais agus an file ag labhairt go mallachtach le hEoghan; cf. úsáid an fhrása *A Dhé nó A Mhuire* sa chiall *uch* (*AithdD.* II, 231, uimh. 10, r. 10d n.) agus tá sampla eile de ‘*A Mhuire*’ mar uaillbhreas san aoir *A fhir iomtnuidh an aois téad* ón séú/seachtú haois déag (gan ainm 1909: 365): ‘*A Mhuire is binn an béiceach*’ (‘O Mary sweet is the shouting’, 4d).

1b. *fā bhfuarais onóir a Eoghain?* (LS *Fa bhfuarais onóir a Eoghain*): Tá siolla sa bheis sa líne. Ní bheadh báthadh ceadaithe sa *dán díreach* sa chomhthéacs áirithe seo ach toisc go bhfuil an dán seo scríofa san *ógláchas* don chuid is mó, b’fhéidir go mbeadh báthadh na míre *a* in *a Eoghain* ceadaithe agus go réiteodh sé sin líon na siollaí sa líne (féach plé agus samplaí in *DF* III, lch cxiv); glactar leis an réiteach seo san eagrán. Rogha eile ná *a* a bhaint amach ón líne agus *fā bhfuarais onóir Eoghain* (‘that you got Eoghan’s honour’) a léamh. Sa chás sin, níl an file ag caint le hEoghan in aon chor ach é ag caint faoi onóir Eoghain. Ní athraíonn teachtaireacht an dáin leis an athrú sin ach in ionad an file a bheith ag labhairt go díreach le hEoghan, bheadh duine eile i gceist agus an file ag

labhairt leis an duine seo, ag ceistiú conas go bhfuair sé an onóir agus an meas a bhí ag Eoghan, tráth. Féach lch 225 thuas.

1c. *ceard*: Focal débhríoch sa mhéid is gur féidir é a thuiscint mar chéardaí nó mar fhile. Féach plé ar na focail dhébhríocha sa mhionanailís thuas.

2b. *Ní háirseóir eadh* (LS ní háirseóir *feadh*): Níl uaim sa líne faoi mar atá sa lámhscríbhinn. Tá *eadh* ceadaithe mar fhoirm mhalartach, áfach (féach *DIL* s.v. *2 ed*) agus réitíonn sé an uaim.

2c. *crū do chur* (LS cru do *chur*): D'fhéadfaí an frása seo a aistriú mar 'to shed blood' (féach *AithdD.* II, lch 281 s.v. *crú* agus *cró*). Cé go dtagraíonn an file do phoist mhíleata sa dán, i gcomhthéacs na gceirdeanna sa dán trí chéile glacaim le 'fastens horseshoes' anseo.

2d. *fear eich*: Tá sampla eile den fhrása seo in *DDána* uimh. 98 r. 32 sa dán *Gach éan mar a adhbha* le Tadhg Mór Ó hUiginn mar a bhfuil sé soiléir ón gcomhthéacs gur fear troda ar mhuin capaill atá i gceist (*fear eich sheinggil shídhe*, 32c). An t-aistriúchán atá ag McKenna air sin ná 'this hero of the white swift steed' (1921: 291).

3a. *Ní fear breactha brōg sállom* (LS Ní *fear* breactha brog sállóm): Tá Eoghan chomh holc sin ag déanamh bróg nach féidir leis droch-cheann a dhéanamh, gan trácht ar cheann deas, fiú.

4a. *Ní duine diadha déarcach* (LS Ní *fear* diadha deirceach): Tá siolla ar lár sa líne i dtéacs na lámhscríbhinne. Tá *fear* athruithe go *duine*, focal a bhfuil an bhrí chéanna leis, chun siolla a sholáthar. Is cosúil go ndearnadh an botún .i. gan ach sé siollaí a chur sa líne, faoi thionchar na línte eile a bhfuil *fear* iontu.

4b. *Ní hoirfideach uirsgéalach* (LS ní hoirfideach ní huirsgéulach): Tá siolla sa bhreis sa líne i dtéacs na lámhscríbhinne. Déanaim amach go bhfuil *Ní* scríofa faoi dhó (diotagrafaíocht) trí thimpiste nó faoi thionchar na línte eile. Maidir le brí an fhocail, níl *uirsgéalach* san fhoclóir. Glacaim leis i riocht aidiachta anseo (bunaithe ar an bhfocal *uirsgéal*; féach *DIL* s.v. *airscél*). Glacaim leis gurb é is brí leis anseo dá réir ná 'of famous stories'. Ina ionad sin, d'fhéadfaí a chur i gcás gur ainmfhocal é sa chiall 'parable/apologue teller', ach sa chás sin b'fhéidir go mbeimis ag súil le *ní* a bheith roimhe.

4ab. *déarcach* : *uirsgéalach* (LS *deirceach* : *huirsgéulach*): Foirm níos óige curtha isteach ag an scríobhaí (féach *DIL* s.v. *deerccach*). Déanann an malartú foirme *déarcach* comhardadh briste le *uirsgéalach*, rud atá ceadaithe san *ógláchas* (carn consan ag réiteach le consan aonair). Seo an t-aon áit sa dán a bhfuil an comhardadh briste. Dá mba mhian linn comhardadh slán a sholáthar anseo, an rogha a bheadh ann ná an *c* a bhaint amach san fhocal *déarcach* (*déarach* : *huirsgéalach*) agus *déarach* a léamh. An bhrí a bheadh

le *déarach* sa chomhthéacs ná ‘tearful’, i.e. *Ní duine diadha déarach*, ‘not a divine tearful person’. Mar sin féin, níl aon ghá le comhardadh slán in aiste ógláchais agus tá samplaí eile de na haidiachtaí *diadha déarcach* in úsáid le chéile in O’Donovan (1848–51) s.a. 1436 agus Ó Foghludha (1946: 47). Níl aon leasú eile déanta ar *déarcach* mar sin.

5a. *lē mbearthaoi geall* (LS le mberthaoi geall): Féach McKenna (1940: 66) agus *AithdD*. II lch 302 s.v. *geall*, maidir leis an leagan cainte seo.

6a. *cleasaighe cōir colla* (LS cleasaighe coir colla): Níl aon trácht ar an bhfrása *cleasaighe colla* in *DIL*. An bhrí litriúil ná ‘trickster of the body’; táim ag glacadh leis sa chiall ‘contortionist’ anseo.

6b. *cócaire comhronna* (LS cócuire comhronna) ‘a cook who shared his food’. D’fhéadfadh ‘a cook of an equal portion’ (.i. cócaire sciliúil) nó ‘a cook of a meal’ a bheith i gceist freisin, áfach (féach *DIL* s.v. *comrann*). Cé go ndéanadh ceachtar acu an chúis, glacaim leis sa chiall ‘not a sharing cook’ mar d’fhéadfaí a áiteamh gur mhó de mhasla é.

6c. *ō thigh do thoigh* (LS o thigh go toigh): Tá an tuiseal mícheart ar lorg *go* sa lámhscríbhinn; leanann an tuiseal cuspóireach é sa Ghaeilge Chlasaiceach .i. *go teach*. Mar sin, tá *go* athraithe go *do* san eagrán toisc go leanann an tuiseal tabharthach *do* agus is ionann brí don dá réamhfhocail sa chomhthéacs .i. ‘go dtí’ (*DIL* s.v. *do* A I). Ceadaítear an dá fhoirm *tigh* agus *toigh* mar thabharthach uatha in *IGT* ii §164.

6d. *sibh [i]s ní* (LS sibh sní): Tá siolla ar lár sa líne. Tá *is* curtha isteach in áit *s*. Féach *BST* 216.5 maidir le foirmeacha an chónaisc.

6d. *seanchaidh*: Tá amhras ann i leith an dúnaidh anseo. B’fhéidir nach bhfuil an dán iomlán againn sa lámhscríbhinn mar sin. Tharlódh go bhfuil dúnadh againn, áfach, bunaithe ar mhalairt fhoirme .i. *seancha* (*DIL* s.v. *senchae*). Cé nach bhfuil an fhoirm seo luaite sna tráchtas ghramádaí, tá corrrshampla le fáil (m.sh. *Beag tairthear don tagra mbaoith*, Mhág Craith 1967–80, uimh. 39, r. 112). Tá beagán samplaí ann den dúnadh a bheith bunaithe ar fhoirmeacha malartacha. Féach Ní Dhomhnaill (1981, 61 §10.3) agus an sampla *Do* (*Chonnla*) / *chumhachta* in Breatnach (2020, 183–4 (rr. 1a, 3d)), mar a bhfuil an fhoirm cheadaithe *chumhachda* le tuiscint (ibid., 184).

GIORRÚCHÁIN

AithdD. Lambert McKenna (eag.), *Aithdioghluim Dána*, 2 imleabhar, ITS 37, 40 (Baile Átha Cliath, 1939–40).

ARÉ Acadamh Ríoga na hÉireann

- BST* Lambert McKenna (eag.), *Bardic Syntactical Tracts* (Baile Átha Cliath, 1944).
- DDána* Lambert McKenna (eag.), *Dioghluim Dána* (Baile Átha Cliath, 1938).
- IBP* Osborn Bergin (eag.), *Irish Bardic Poetry* (Baile Átha Cliath, 1970).
- TD* Eleanor Knott (eag.) *The Bardic Poems of Tadhg Dall Ó hUiginn (1550–1591)*, 2 imleabhar, ITS 22, 23 (London, 1922–6).

LEABHARLIOSTA

- BREATNACH, LIAM 2023: ‘*A fhir, ná hiad dreich Temrach*: a poem on medieval Irish society’, in Elizabeth Boyle agus Ruairí Ó hUiginn (eag.), *Book of Uí Mhaine*, Codices Hibernenses Eximii III, 151–90 (Baile Átha Cliath).
- BREATNACH, PÁDRAIG A. 1983: ‘The chief’s poet’, *PRIA* 83(C), 37–79.
- , 1997: *Téamaí Taighde Nua-Ghaeilge* (Maigh Nuad).
- , 2020: ‘Nósbhronnadh’, in Ailbhe Ó Corráin, Fionntán de Brún agus Maxim Fomin (eag.), *Scotha Cennderca cen On: A Festschrift for Séamus Mac Mathúna*, 183–5 (Uppsala).
- BREEN, AIDAN 2009: *Dictionary of Irish Biography* (<https://www.dib.ie>).
- DOAN, JAMES E. 1985: ‘The Ó Dálaigh family of bardic poets, 1139–1691’, *Éire-Ireland* 20/2, 19–31.
- DOWNEY, CLODAGH 2010: ‘Dindshenchas and the Tech Midchúarta’, *Ériu* 60, 1–35.
- GAN AINM 1909: *Irisleabhar na Gaedhilge* 19.
- GOEDHEER, A. J. 1938: *Irish and Norse Traditions about the Battle of Clontarf* (Haarlem).
- GRAY, ELIZABETH A. 1982: *Cath Maige Tuired: The Second Battle of Mag Tuired*. ITS 52 (Baile Átha Cliath).
- GREENE, DAVID 1968: ‘A satire by Cathal Mac Muireadhaigh’, in James Carney agus David Greene (eag.), *Celtic Studies: Essays in Memory of Angus Matheson 1912–62*, 51–5 (Londain).
- KELLY, FERGUS 1988: *A Guide to Early Irish Law* (Baile Átha Cliath).
- KNOTT, ELEANOR 1922: *The Bardic Poems of Tadhg Dall Ó Huiginn (1550–1591)*, I–II. ITS 22, 23 (Londain).
- MAC CANA, PROINSIAS 1974: ‘The rise of the later schools of *filidheacht*’, *Ériu* 25, 126–46.
- McKENNA, LAMBERT 1921: ‘Poem to Maghnus O Conchobhair’, *The Irish Monthly* 49, uimh. 577, 288–93.
- , 1940: ‘*Geall* in bardic poetry’, in Ryan, John (eag.), *Féil-sgríbhinn Eóin Mhic Néill: Essays and Studies Presented to Professor Eóin MacNeill*, 62–71 (Baile Átha Cliath).
- MAC NEILL, EOIN agus MURPHY, GERARD 1908–53: *Duanairé Finn: The Book of the Lays of Fionn* I–III. ITS 7, 28, 43 (Londain).

- MHÁG CRAITH, CUTHBERT 1967–80: *Dán na mBráthar Mionúr* (Baile Átha Cliath).
- NÍ DHOMHNAILL, CÁIT 1981: ‘Closure in bardic poetry’, *Celtica* 14, 47–61.
- NÍ MHURCHÚ, SÍLE 2017: ‘Ní chluinim sin a chláirseach: a lost poem from the Book of the O’Conor Don’, *Ériu* 67, 215–18.
- Ó CUÍV, BRIAN 1959: *Cath Muighe Tuireadh: The Second Battle of Magh Tuireadh* (Baile Átha Cliath).
- , 1977: ‘Donnchadh Mór’s poem on the wren’, *Éigse* 17, 13–18.
- , 1977: ‘The Earl of Thomond and the poets, A.D. 1572,’ *Celtica* 12, 125–45.
- O’DONOVAN, JOHN (eag.) 1848–51: *Annála Ríoghachta Éireann: Annals of the Kingdom of Ireland by the Four Masters, from the Earliest Period to the Year 1616*, I–VII (Baile Átha Cliath).
- Ó FOGHLUDHA, RISTEARD 1946: *Cois Caoin-Reathaighe .i. Filidheacht Eamuin de bhFal ó Dhún Guairne* (Baile Átha Cliath).
- O’RAHILLY, T. F. 1921: *Dánfhocail: Irish Epigrams in Verse* (Baile Átha Cliath).
- O’RAHILLY, T. F. et al. 1926–70: *Catalogue of Irish Manuscripts in the Royal Irish Academy*. 28 Fasc. (Baile Átha Cliath, Londain).
- PETRIE, GEORGE 1839: ‘On the history and antiquities of Tara Hill’, in O’Donovan, John (eag.), *Transactions of the RIA* 18, 199–204.
- SIMMS, KATHARINE 1990: ‘Images of warfare in Bardic poetry’, *Celtica* 21, 608–19.
- , 2004: ‘References to landscape and economy in Irish bardic poetry’ in Howard B. Clarke, Mark Hennessy, Jacinta Prunty (eag.), *Surveying Ireland’s Past: Multidisciplinary Essays in Honour of Anngret Simms* (Baile Átha Cliath).
- , 2007: ‘The poetic Brehon lawyers of early sixteenth-century Ireland’, *Ériu* 57, 121–32.

SOPHIE NÍ RIAIN

Coláiste na hOllscoile, Corcaigh